Mé Féin agus Seana Ṡéamus

Seán Ó Criomṫain

"Dia 's Muire ḋiḃ annso."

"Dia's Muire 'gus Pádraig duit a Ṡéamais. Fáilte as fiċe romat. Seo cataoir ḋuit. Suiġ síos uirṫe agus eaċtraiġ dom má tá aon sgéul agat."

"Ní sgéul atá agam aċ scéalta Fianniaċta iad."

"Cad é na scéalta atá agat mar sin. An nua scéalta iad nó sean-aimsire?"

"Táid nua agus sean. Nuair a ḃím liom féin riṫeann a lán rudaí isteaċ sa tseana plaicide seo orm agus leimim amaċ gur maċáil éigin atá ar mo ṁeaḋair agus a ḃeiṫ ag maċtnaṁ ar an seana aimsir agus ar na daoine atá imiṫe ar slí na fírinne."

"Dar ndó, níorḃ ḋúinn a ḃeiṫ beo má ḋéanfaimís dearmad ar na daoine a ṫánaig romainn agus a ṫug annso sinn. Lean leat agus innis dom cad tá ag dóġaḋ do ġirbe indiu."

"Táim ṁuis, a Critín, ag cuiṁneaṁ agus ag maċtnaṁ ar na seandaoine boċta atá imiṫe agus an cruatan sáoil a ċuireadar isteaċ gan caḃair na congnaṁ ó stát ná ó ṫír agus nuair a ċíḋim saol an lae indiu."

"Cé'n aois tú a Ṡéamais?"

"Táim dá ḃliain déag agus ceiṫre fiċid lá 'le Pádraig seo ċugat. Mar a ḃfuilim a tuilleaḋ nílim aon lá féin a ḃun."

"An dó leat go riṫfir an céad?"

"Má leanaim don ngoṫa atá orm i láṫair na huaire ní ċuirfeaḋ sé aon dial iongna orm é a ġlana go hard."

"Muise mo ġrá go deo tú. Ḃí an ceol agus an fuinneaṁ riaṁ ionnat agus gan eagla an Cuirṫe riaṁ ort. Go mairir. Agus go mairir go hárd ṫarais amaċ sa tslí is go mbeiḋ ar an dTaoiseaċ teaċt ó Ḃl'á' Cliat le Deiċ bPunt Laoċais a bronnaḋ ort."

"Cad deirid! Tugann an Taoiseaċ suim ṁaiṫ airgid do gaċ duine a ġlanann an céad."

"Suim é sin naċ fiú, rud beag suaraċ do ḋuine atá imiṫe ṫar céad bliain agus airgead na bainfiḋ sé mórán súip as.

"Aċ san am ċeadna is deacair loċt d'ḟáil air."

"A Ṡéamais, an fada atá an pinson agat nó an cuiṁin leat é teaċt amaċ an ceud lá riaṁ?"

"Tá'n pinson agamsa le dá ḃliain agus fiċe agus is maiṫ an cuiṁne atá agam ar an céad lá riaṁ a fuair m'aṫair agus mo ṁáṫair é."

"Is doċa go raḃais id' fear áitaiġṫe an trá son—nó b'éidir go raḃais pósta agus do muirear ag teaċt aníos ċugat."

"Ḃíos pósta agus beirt ṁac agam an lá a fuair m'aṫair agus mo ṁáṫair an pinson agus ní ṫánaig aon lá atáis riaṁ sa tiġ na ó ṡin i leiṫ ba ṁó nó é."

"A Ṡéamauis an dóí leat gur maiṫ an rud an beartú a ḋin an fear a ḃeartaiġ é?"

"Éist do ḃéul a ḋuine agus na cuir an ċeist ar aon ḋuine uile ḋom macasaṁail sé. Ní ṫánaig aon rud riaṁ isteaċ san Ġaeltaċt do b'ḟéarr ná é."

"Cad a duḃairt an seana treiḃ leis mar sceúl nó an raiḃ molaḋ mór aca air?"

"Ní déarfaḋ puinn aċ dá mbeaḋfá ann le linn na huaire úd ḃeaḋ rud le clos agus le feiscint agat nuair a ḃíoḋ an Paidirín Ṁuire a rá gaċ oíċe aca ċuiridís deiċniúr speisialta le hanam an t-é a ċeap é. Coróin nó mar sin a ḃí ann an t-am so."

"A Ṡéamuis ní h-aon Éireannaċ a ċúm nó a ċeap é agus an dóí leat gur ṫug sé toraḋ fónta uaiḋ?"

Ceapas a Ċritín go raiḃ ana dul amaċ ar an seana saol agatsa agus eolas ar cruaiḋ beart an tseana ṡaoil. Dar ndó níorḃ féidir le haon ní uile teaċt le linn na huaire úd do b'ḟearr ná é."

"Cad a dearfá a ḋinn sé nó cad tá againn dá ṫairḃe."

"A Ċritín, ar ċualais riaṁ gur b'é imeaċt ár ndaoine creaċ ár Stáit agus an áit na fuil grinn le cur go beúl an linḃ ní ḃeiḋ an leanḃ ann agus an áit na fuil an leanḃ cá ḃfuil an taṫair le fáil agat. Naċ é an leanḃ aṫair an fir?"

"De réir do ċuid cainnte, a Ṡéamuis, sé'n brí a ḃainim aisti ná dá mbeaḋ cuidiú cuiḃseaċ maiṫ aige 'n Rialtas a ṫaḃairt do aimiseoirí an ċeanntair seo go mbeaḋ a dá oiread daoine againn agus atá againn nó b'éidir a trí oiread."

"A Ċritín, éist liom agus ċuiṁniġ cad atáim a' rá leat. Ó fáġaim amaċ as an leaba ar maidin go sínim ṫaram ist oíċe ní ṫéann aon lag orm aċ ag tuḃairt baoċais do Ḋia agus Dá Ṁáṫair ar feaḃas an tsaoil atá ann indiu, seaċas an saol a ċonnaic-sa aige na hainniseoirí atá imiṫe. Do scrofa leaḃar uaim agus leaḃar a ḃainfeaḋ ód ṡúil. A Critín, a ḃuaċaill tánn tú pas ró óg don saol atá caiṫe agamsa agus aige'n ndream a ṫánaig roṁam. Dá mbeaḋfá sa ag éisteaċt leo san mar ḃos sa ḃeaḋ rud le clos agat."

"Cad é do ṫuairim de saol an lae indiu, a Séamuis?"

"Saol maiṫ é aċ is saol ana ċruaiḋ é ar ḟeirmeoirí boċta na háite seo ná fuil aca aċ talaṁ cloċ agus brúscar. Ba ċirte don stát nó don Rialtas an t-airgead atáid á ċaiṫeaṁ ṫar lear a ċaiṫeaṁ aige baile ar na daoine boċta so agus fonn do ċur orta maireaċtaint 'na dtír féin agus clann óg a tógaint dóiḃ féin agus dá dtír. Ḃeaḋ toraḋ ar a cuid airgid aige 'n Rialtas uaṫa rud na fuil aca mar a ḃfuilid dá ċaiṫeaṁ.

"Cad é do ṁeas ar an Dole a Ṡéamuis?"

"Dar ndó ní ḃeaḋ bean, leanḃ ná páiste ó'n Oileán Ṫiar go Cnoc Ḃreánáin mar a mbeaḋ san, aċ baintear dos na feirmeoirí beaga é sa Ṁárta, an t-am is mó a ḃíonn gaḃaḋ aca leis agus an t-am den mbliain is mó a ḃíonn gátar aca leis agus is ait liom na dineann aon duine, go ḃfuil sé ar a ċumas, faic a ḋéanaṁ dóiḃ."

"Cad é an rud a b'ḟearr le déanaṁ dos na hainiseoirí boċta so a Ṡéamais, is dóí leat?"

"Níl aon eolas agamsa ar cad is fearr le déanaṁ díiḃ aċ aon ní aṁáin. Mar a féidir obair a ṡoláṫar dóiḃ, iad a ṫuḃairt mar a ḃfuil an obair le fáil aca agus mar a ḃfuil sin le fáil aca deontas seaċtainiúl a ṫaḃairt dóiḃ ċun fonn a ċur orṫa fanaċt sa ḃaile agus clann do tógaint ann. Naċ í an imirce pláiġ an náisiúin."

"Cogar an méid seo, a Ṡéamuis. Cad a ṫarlóċaḋ do Oileán an mBlascaodaí an dóí leat dá mbeaḋ na Bloscaodaí ar ċósta na Danṁairce. An mbeaḋ sé folaṁ a ḋuine sa lá atá indiu ann?"

"A Ċritín, a ḋuine muintire, tuḃarfaḋ asal sean ċríonna freagra na ceiste sin ḋuit. Naċ oileán saiḃris an t-oileáin son agus aon Rialtas tíre fe linnte na gréine ní ḟacaidís an t-oileán sin folaṁ. Na raiḃ ó ċéad go leiṫ duine go tuairim dá ċéad ann an uair ba ṁeasa a ḃí an saol riaṁ. Aċ is eaglas liom mar a dtúrtar aon ḟóiriṫint ar na feirmeoirí beaga atá annsi againne go mbeiḋ Scrios na mBloscaodaí ar Gaeltaċt Ḋúinneaċ.

S. Ó Criomṫáin.

*Ó Criomṫain >Critín.

Idir Ḋá Linn

Smaointe Fánaċa ó Risteárd Ó Glaisne

Gearrtán as an "Independent" ċugam ó Éirinn. Mo ṁáistir ollscoile, Ernest A. Crawford, Ollaṁ an Oideaċais i gColáiste na Tríonóide, marḃ. Fuair sé bás go tobann i Meiriceá.

Is maiṫ a ḃí fios agam, agus aige féin, ar ndóiġ, naċ raiḃ an tsláinte go maiṫ aige. Ḃí sé ag féaċaint go hainnis níos luaiṫe i mbliana. Aċ is lag a ṡíl mé, nuair a scar muid lena ċéile lá i mí Iúil naċ ḃfeicfeaḋ muid a ċéile arís ar an tsaol seo. Go ndéana Dia a ṁaiṫ dó.

Ní raiḃ sé aċ 52 bliain. Agus ḃí ionraiceas, misneaċ agus intinn úr an ógánaiġ aige fós, taoḃ le daille agus dogmataċt a ċuirfeaḋ iontas ort uaireanta. Ní ḃíoḋ sé tur riaṁ.

"Is polaiteoirí ró-ṁaiṫ iad ár n-ionadaiṫe poiblí ċun go mba státairí iad," ar seisean liom lá agus muid ag dul amaċ ar Ḟaiċe an Ċoláiste ar tóir cupán caife. Ina ḋiaiḋ sin, fuair a casaḋ Ó hIrgile air, le linn dó a ḃeiṫ ina Aire Oideaċais. Taitin sé leis. Dar leis gurḃ ḟear é a raiḃ leas an oideaċais ar a ċroí aige.

Lá, le linn dó a ḃeiṫ ag iṫe an dinnéir i dteannta comaltaí eile d'ḟoireann na hollscoile, d'éiriġ sé dóṫanaċ de Ṡasanaċ ina measc a ḃí ag caint ar Éirinn ar ṡlí a ċeap Crawford a ḃeiṫ míréadúil.

"Is iad atá inti mar Éirinn," ar seisean, "trí ṗáirt d'uisce an ṗortaiġ agus páirt aṁáin d'uisce ḃeannaiṫe. Naċ ḃfuil an ceart agam?" ar seisean, ag iompú ar ḋuine dá ċomleacaiṫe a raiḃ anṁeas aige air.

"Cuid ṁaiṫ, aċ is i nGaeilge aṁáin a ba ċeart duit a leiṫéid sin a rá," arsa an fear eile.

Is é an Dr. Crawford féin a inis sin dom.

Ṡílfeá ar ċuid de na rudaí a deireaḋ sé gur droċ - ṁeas a ḃí aige ar Éirinn. "An saineolaí in Éirinn, is duine é atá tosaiṫe ar an dara Pelican a léaṁ dó féin," dúirt sé ar ċlár teilifíse ṫall san Oileán Úr anuraiḋ, mar ṡampla!

Ḃí droċ-ṁeas aige ar a lán rudaí agus ar a lán daoine in Éirinn—an iomarca, dar liom. Aċ ḃí an-láiṁ aige leis an tír ċom maiṫ.

Ḃí sé ag casaoid go géar faoi ċúrsaí in Éirinn, lá aṁáin.

"Tá a ḟios agam go ḃfuil go leor cearr leis an tír," arsa mise leis, "aċ mar sin féin is fearr liom a ḃeiṫ san tír seo ná in aon áit eile, agus tá moṫú agam i leiṫ a muintire naċ ḃfuil agam i leiṫ dream ar biṫ eile."

"Tá a ḟios agam. Tá a ḟios agam," ar seisean. "Tá mise mar sin fosta."

Agus cé gur cinnte nár ḋia ar biṫ leis an tuaṫánaċ, ḃí suim aige san Ġaeilge. Ba ḃéas leis beagán di a laḃairt liom i gcónaí, cuma cad é an comluadar ina mbeaḋ muid. I nGaeilge a scríoḃainn nótaí gairide ċuige de ġnáṫ, agus ṫaitníoḋ sin leis. Mar a dúirt muid, d'ḟéadfaḋ sé a ḃeiṫ ina Ġaeilgeoir éifeaċtaċ aċ breis taiṫí a ḟáil ar an teanga. Sular ċuaiġ sé anonn go dtí Oll scoil Oileán Rhode (ceiṫre mí ó ṡoin), ḃí sé le ḃeiṫ ann go ceann bliana, d'iarr sé orm leaḃair a ċur amaċ ċuige i dtreo go dtiocfaḋ leis snas a ċur uirṫi le linn dó a ḃeiṫ ṫall.

Ḃí meas aige ar ḋaoine neaṁspleáċa istiġ i gColáiste na Tríonóide ar nós an Dr. Ḃincent Barraí agus Ṁáirtín Uí Ċaḋain.

"Ní ċaiṫeann seisean tarċaisne ar mo ċuid droċ-Ġaeilge," ar seisean liom faoi Ṁáirtín cúpla uair. "Aċ an intinn atá aigesean, is í an cineál intinne atá ag daoine a ḃfuil fíor-fiúntas iontu í."

Ḃí acmainn deas grinn aige. Ag cuiṁneaṁ dó ar ċuid againne Gaeilgeoirí a ḃfuil féasóga orainn, ṡiúil sé anonn in Ollscoil Ḃaile Áṫa Cliaṫ lá go dtí a ċomollaṁ, Dáiṫí Ó hUaiṫne, agus ar seisean leis (as Gaeilge, ar ndóiġ), "An ḃfuil cead ag duine naċ ḃfuil féasóg air Gaeilge a laḃairt anseo?"

"Ċonaic fear beirt eile agus iad ag toċailt poill ċun teaċt ar uisce," ar seisean liom agus muid suiṫe san Indian Tea Centre i Sráid Suffolc tráṫnóna aṁáin i mí na Feaḃra. "An ḃfuil a ḟios agat cad a dúirt sé?"

"Níl a ḟios," arsa mise.

"'Ḃail ó Ḋia ar an tobair'."

A ṫiarcais, aireoiḋ mé uaim é.

— — —

Cé a deir naċ ḃfuil Gaeilge ag luċt posta na Mór-Roinne! I nGaeilge is nós liomsa an seolaḋ a ċur ar litreaċa. Sin é a rinne mé agus mé ag scríoḃ aḃaile le déanaí: "Dún na Coille, Droiċead na Bandan, Co. Ċorcaí." Rinne mé dearmad "Ireland" a ċur isteaċ, aċ ḃain sí mo dearṫáir agus a ḃean ċéile amaċ mar sin féin.

Léiṫeoireaċt na Míosa

An tUltaċ

"Comar Creidmeasa" an ṗríoṁ dréaċt atá in Ultaċ na Saṁna. Tá Comaltas Uladh an tugṫa don Ċomar Ċreidmeasa (Credit Union) agus tá siad ag iarraiḋ é ċur i ḃfeiḋm fríd a gcuid craoḃaċa agus ins an Ġaeltaċt. I ndréaċt speisiúil — "Ní Neart Go Cur le Ċéile" tugann Séamas Ó Cnáiṁse cur síos ar stair gluaiseaċta na gCredit Unions. Agus tá sé ċun leanúint de i sraiṫ na míosaí seo ċugainn.

Insan eagarḟocal, a tig "An tUltaċ" amaċ go láidir ar son caḃair ceart a ṫaḃairt do Sáirséal agus Dill, sa gcaoi go leanfaiḋ siad ag cur leaḃraí fiúntaċa ar fáil mar cuid de litríoċt nua na Gaeilge.

I ḃfó-eagarḟocal deireann siad gur lán ṁiṫid do connaṫóirí féaċaint le tuilleaḋ caḃraċ a ṫaḃairt don Ġaeltaċt, agus tuilleaḋ úsáide a ḃaint as an Ġaeltaċt.

Cuireann sé a ṁéar ar pointe suimiúil nuair adeir sé: "Loċt mór atá orainne i ngluaiseaċt na Gaeilge, gur maiṫ linn an Ġaeltaċt a ḃeiṫ ansin, sa tSaṁraḋ dúinn, gan aṫrú ar biṫ. Agus a ḃeiṫ ábalta dearmad a ḋéanaṁ uirṫi an ċuid eile don ḃliain. Ar ndóiġe, is ionann an Gaeltaċt agus na daoine; ná feallaimis orṫa."

Aiste speisiúil ag Risteárd Ó Glaisne ar aṫrú meoin imeasc Aondaċtaí agus ag Deasún Breaṫnaċ ar "Oideaċas sa teanga oifigiúil."

Feasta

Eagarḟocal smaointeaċ in "Feasta" faoi naċ leor an méid eolais atá ar fáil ar Ċeannairí 1916 agus gur lán ṁiṫid roinnt leaḃraí fiúntaċa a ḃeiṫ scríofa fúṫa. Is breá an smaoineaṁ é don ḃliain seo ċugainn, 1966. Tá dréaċt ag Liam S. Gogan, ar "An Ollscoil", rud adúraḋ ċeana, aċ, naċ féidir a rá ró ṁinic. Cé'n uair a ḃeiḋ Ollscoil Náisiúnta ceart againn in Éirinn?

Tá duais scéal agus duais iarraċtaí filíoċta an Oideaċtais ar an ní is mó atá anseo.

Comar

Taoḃ amuiġ de ḋréaċt an táḃaċtaċ ar costas An Ġúm, níl aon rud ró speisiúil i gComar na míosa seo. Aċ is fíor táḃaċtaċ an t-eolas agus an taiġde atá insan dréaċt seo ar ċostas an Ġúm.

Sé bun agus bárr an dréaċta, nó a ċruṫú go gcosnaíonn leaḃraí a ḟoilsíotar ag an Ġúm i ḃfad, i ḃfad níos mó ná an deontas beag a tugtar i leiṫ na leaḃar Gaeilge a ḟoilsíos na cuideaċtain príoḃáideaċ atá ag cur amaċ leaḃar Gaeilge.

Os rud é go ḃfuil caiġdeán na leaḃar atá dá cur amaċ ag na cuideaċtain seo níos áirde ná caiġdeán an Ġúm, agus go gcuirtear amaċ iad i ḃfad, i ḃfad níos tapúla, go ndéintear saoṫrú níos bunúsaí leis na scríḃneoirí a ḟáil, agus go ḃfuil i ḃfad, i ḃfad níos mó leaḃar dá gcur amaċ acu, níl aon ċúis naċ dtaḃarfaí deontas níos mó ṫar ċeann gaċ leaḃar acu, ná mar a tugtar ṫar ċeann costas na leaḃar a ċuireas an Gúm amaċ.

Aċ, le muintir Sáirséal agus Dill, mar ṡampla, is cosúil naċ ḃfuair siad deontas de ṁeán timpeall £400 an leaḃar a ċuir siad amaċ. San áit a gcosnaíonn cuid leaḃraí an Ġúm, timpeall £958 an leaḃar.

Agus cuid de leaḃair an Ġúm, níl iontu aċ mion-leaḃair do ṗáistí, le clúdaċ páipéir, ar luaċ an íseal.

Agus

Is breá bríoṁar fuinniúil a ṫosnaíonn "Agus" na Saṁna, faoin tiodal "1916, ná ligimís leo siúd é." Agus is maiṫ an ceart acu, mar tá ċuile ṡeans go mbéiḋ a lán, lán Béarlóirí ⁊ daoine gur beag acu an cultúr agus an náisiúntaċt Gaelaċ, ag iarraiḋ teaċt i dtír ar ceiliúraḋ 1916.

Tá orainne an ḟírinne a ċraolaḋ, adeir "Agus", caiṫfimíd cuspóirí an éirí amaċ. Cad a ċiallaiġ "Saor agus Gaelaċ" do ṁuintir 1916 a riaḃaḋ go cruinn-

Tá scéal maiṫ ag "Linde" faoi "Ag Cúléisteaċt" mar ġeall ar teaċt ṫar n-ais Craoḃ Corcaí insan ċonraḋ. Deir sí naċ ḃfuil i gceist in Oifig na Comḋála anois aċ an Ḟáinne nua, agus an fáinne nua—agus an fáinne nua. Dréaċt speisiúil ag Pádraig Téirs ar "Pósaḋ in Éirinn." Áḃar léiṫeoireaċt taiṫneaṁaċ agus eolas suimiúil in "Agus."

Ar Aġaiḋ

In "Ar Aġaiḋ" na Saṁna tá dán beag taiṫneaṁaċ ar, "Gaḃa i gCorr na Rón." Cuntas an speisiúil ann freisin ar Ċaisleán Fontainbleau agus nuaíoċt ón Ġaeltaċt Ṫiar.

Láṫair Caraḃain Ḃaile an Ḟeirteiraiġ

I litir ó Donnċa Ó Dúill, 128 Bóṫar Belgrabia, London, deir sé naċ n-aontaíonn sé leis na eagrais Gaeilge, atá ag cur i gcoinniḃ an suíoṁ caraḃán ag Baile an Ḟirtéiriġ, agus naċ gceapann sé go ndéanfaḋ sé Galldú ar Gaeltaċt Corca Duiḃne.

Ina aineoin sin, deir sé, dá mbaineaḋ na h-eagrais Gaeilge úsáid as an ċaoi atá insan méid seo, ċun lóistín a ḟáil i gceantar álainn, lasmuiġ den séasúr turasóireaċta, nuair a ḃeaḋ lóistín le fáil níos saoire, go ḃféadfaḋ na micléinn dul ann an t-am sin agus cainteoirí Gaeilge a ḃfuil níos mó airgid acu dul ann le linn an séasúr turasóireaċta, agus feaḃas a ċur ar an Ġaeilge beo dá réir sin.